



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0243/2022**

12.10.2022

**\***

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát  
(COM(2022)0241 – C9-0199/2022 – 2022/0165(NLE))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Alicia Homs Ginel

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....	63
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	64



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát (COM(2022)0241 – C9-0199/2022 – 2022/0165(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022)0241),
  - ag féachaint d’Airteagal 148(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0199/2022),
  - ag féachaint do Rial 82 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0243/2022),
1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
  3. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoirlínte fostaíochta nuashonraithe do na Ballstáit, go háirithe a bhéim láidir ar thimpeallacht iar-COVID-19, ar a áirithiú go mbeidh na haistriúcháin glasa agus digiteacha cothrom go sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, agus ar thionscnaimh bheartais a rinneadh le déanaí mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin; á athdhearbhú, d’fhoillcinn cinnteoireacht dhaonlathach a neartú, a iarraidh a bheith rannpháirteach treoirlínte comhtháite a shocrú ar leibhéal an Aontais ar comhchéim leis an gComhairle, i gcomhréir lena rún reachtach an 10 Iúil 2020 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát;
  4. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl don Pharlaimint má tá sé beartaithe aici imeacht ón téacs a d’fhoillcinn an Pharlaimint;
  5. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;
  6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Leasú 1

**Togra le haghaidh cinnidh  
Aithris -1 (nua)**

**(-1) Chun sineirgí agus beartais uailmhianacha a chruthú agus a spreagadh ar leibhéal na mBallstát, tá sé tábhachtach go ndéanfaí príomhspríocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú bochtaineachta do 2030 a ailíniú leis na treoirlínte fostaíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, ar spríocanna iad a chomhaontaigh ceannairí an Aontais, institiúidí an Aontais, na comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta ag Cruinniú Mullaigh Porto in 2021.**

---

**<sup>1a</sup> Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2020 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát.**

## Leasú 2

### Togra le haghaidh cinnidh Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Oibreoidh **na Ballstáit agus** an tAontas chun straitéis chomhordaithe **don fhostaíocht** a fhorbairt agus go háirithe chun **fórsa saothair sciliúil oilte inoiriúnaithe** a chur chun cinn, chomh maith le margaí saothair a bheidh **dirithe ar an athrú eacnamaíoch agus** a bheidh freagrúil sa todhchaí, d'fhonn **na cuspóirí maidir le** lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta, **fás cothrom**, ardleibhéal cosanta don chomhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a bhaint amach. Measfaidh na

Leasú

(1) Oibreoidh an tAontas chun straitéis chomhordaithe **d'ardleibhéal fostaíochta** a fhorbairt agus go háirithe chun **cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos, fostaíocht ardcháilíochta** a chur chun cinn **agus dálaí oibre a fheabhsú, trí thacú le gníomhaíochtaí na mBallstát**, chomh maith le margaí saothair a bheidh a bheidh freagrúil sa todhchaí, **dirithe ar an athrú cuimsitheach, athléimneach agus cobhsaí agus a chuireann deiseanna ar fáil le haghaidh soghluaisteachta agus dul chun cinn gairmiúil**, d'fhonn **forbairt inbhuanaithe an Aontais a bhaint amach**,

Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é an fhostaíocht a chur chun cinn agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíocht ina leith sin i dtionól na Comhairle, agus cleachtais náisiúnta a bhaineann le freagrachtaí an lucht bainistíochta agus an lucht saothair á gcur san áireamh.

***bunaithe ar fhás eacnamaíoch cothrom agus cobhsaíocht praghsanna, geilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar, d'fhonn lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach, agus ardleibhéal cosanta don chomhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 151 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaint amach, agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip á n-urramú ag an am céanna chun aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050.*** Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é an fhostaíocht a chur chun cinn agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíocht ina leith sin i dtionól na Comhairle, agus cleachtais náisiúnta a bhaineann le freagrachtaí an lucht bainistíochta agus an lucht saothair á gcur san áireamh.

## **Leasú 3**

### **Togra le haghaidh cinnidh Aithris 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) I gcomhréir le CFAE, d'fhorbair an tAontas ionstraimí comhordaithe beartas um bheartais eacnamaíocha agus fostaíochta, chomh maith lena gcur chun feidhme. Mar chuid de na hionstraimí sin, is iad na Treoirlínte maidir le Beartais Fostaíochta na mBallstát (na 'Treoirlínte') a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, mar aon leis na Treoirlínte Ginearálta maidir le Beartais Eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais a leagtar amach i Moladh (AE) **2015/1184<sup>5</sup> ón gComhairle**, na Treoirlínte Comhtháite. Is leosan a dhéanfar cur chun feidhme beartais a threorú sna Ballstáit agus san Aontas, agus léireofar an t-idirpleáchas atá ann idir na Ballstáit. Is é a

*Leasú*

(3) I gcomhréir le CFAE, d'fhorbair an tAontas ionstraimí comhordaithe beartas um bheartais eacnamaíocha agus fostaíochta, chomh maith lena gcur chun feidhme. Mar chuid de na hionstraimí sin, is iad na Treoirlínte maidir le Beartais Fostaíochta na mBallstát (na 'Treoirlínte') a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, mar aon leis na Treoirlínte Ginearálta maidir le Beartais Eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais a leagtar amach i Moladh (AE) **2015/1184 ón gComhairle<sup>5</sup>**, na Treoirlínte Comhtháite. Is leosan a dhéanfar cur chun feidhme beartais a threorú sna Ballstáit agus san Aontas, agus léireofar an t-idirpleáchas atá ann idir na Ballstáit. Is é a

bheidh sa taca beartas agus athchóirithe comhordaithe idir an leibhéal Eorpach agus an leibhéal *náisiúnta* a eascraíonn as an méid sin, meascán beartas iomchuí inbhuanaithe foriomlán maidir le cúrsaí geilleagair agus *fostaíochta*, ar cheart dó éifeachtaí iarmharta dearfacha a bheith aige.

bheidh sa taca beartas agus athchóirithe comhordaithe idir an leibhéal Eorpach, *an leibhéal náisiúnta* agus an leibhéal *réigiúnach* a eascraíonn as an méid sin, meascán beartas iomchuí inbhuanaithe foriomlán maidir le cúrsaí geilleagair, *fostaíochta* agus *sóisialta* ar cheart dó éifeachtaí iarmharta dearfacha a bheith aige *don tsochaí, do mhargaí saothair agus don lucht saothair, agus iarracht á déanamh aon iarmhairtí diúltacha sóisialta nó eacnamaíocha a sheachaint ag an am céanna, agus freagairt éifeachtach a thabhairt ar thionchar phaindéim COVID-19, ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar an méadú atá ag teacht ar an gcostas maireachtála.*

---

<sup>5</sup> Moladh (AE) 2015/1184 an 14 Iúil 2015 ón gComhairle maidir le mór-threoirlínte i leith beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (OI L 192, 18.7.2015, lch. 27).

---

<sup>5</sup> Moladh (AE) 2015/1184 an 14 Iúil 2015 ón gComhairle maidir le mór-threoirlínte i leith beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (OI L 192, 18.7.2015, lch. 27).

## Leasú 4

### Togra le haghaidh cinnidh Aithris 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(3a) D'fhonn samhail shóisialta an Aontais a fheabhsú tuilleadh, ba cheart do na Ballstáit pá cuibhiúil a chur chun cinn, cómhargáil a neartú agus a áirithiú go bhfuil na margáí saothair cuimsitheach. I ndáil leis an méid sin, ba cheart béim ar leith a chur ar mhná agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, eadhon leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, mionlaigh ciníocha agus eitneacha, amhail muintir na Romach agus daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, daoine LGBTIQ+ agus daoine atá ina gcónaí i réigiúin faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear réigiúin iargúlta agus thuaithe,*



**Leasú 5**

**Togra le haghaidh cinnidh  
Aithris 3 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(3b) Chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú, chun an dá aistriú a éascú agus chun margatí saothair cuimsitheacha, iomaíocha agus athléimneacha a bhaint amach san Aontas, ba cheart do na Ballstáit oideachas, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú ardcháilíochta a chur chun cinn, chomh maith le foghlaim ar feadh an tsaoil, déoideachas atá dírithe ar an todhchaí agus deiseanna gairme feabhsaithe trí na naisc idir an córas oideachais agus margadh an tsaothair a neartú agus trí scileanna, eolas agus inniúlachtaí a fhaightear trí fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a aithint.**

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh cinnidh  
Aithris 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(4) Tá na Treoirlínte comhsheasmhach leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear Treoir ón gComhairle an 20 Iúil 2001<sup>6</sup>, Moltaí ón gComhairle an 10 Márta 2014<sup>7</sup>, an 15 Feabhra 2016<sup>8</sup>, an 19 Nollaig 2016<sup>9</sup>, an 15 Márta 2018<sup>10</sup>, an 22 Bealtaine 2018<sup>11</sup>, an 22 Bealtaine 2019<sup>12</sup>, an 8 Samhain 2019<sup>13</sup>, an 30 Deireadh Fómhair 2020<sup>14</sup>, an 24

(4) Tá na Treoirlínte comhsheasmhach leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, **mór-threoirlínte beartas eacnamaíoch agus** le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear Treoir ón gComhairle an 20 Iúil 2001<sup>6</sup> (**an ‘Treoir um Chosaint Shealadach’**), Moltaí ón gComhairle an 10 Márta 2014<sup>7</sup>, an **14 Iúil 2015<sup>a</sup>**, an 15 Feabhra 2016<sup>8</sup>, an 19 Nollaig 2016<sup>9</sup>, an 15 Márta 2018<sup>10</sup>, an 22

Samhain 2020<sup>15</sup>, an 29 Samhain 2021<sup>16</sup>, Moladh ón gCoimisiún an 4 Márta 2021<sup>17</sup>, Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021<sup>18</sup>, Rún ón gComhairle an 26 Feabhra 2021<sup>19</sup>, Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021<sup>20</sup>, Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021<sup>21</sup> /, an Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach<sup>22</sup>, an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú<sup>23</sup>, an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micrea-chruthaithe d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus infhostaitheacht<sup>24</sup>, an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair<sup>25</sup>, an Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí maidir le trédhearcacht pá agus forfheidhmiú<sup>26</sup>, an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre a fheabhsú in obair na n-ardán<sup>27</sup> agus an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don inbhuanaitheacht chomhshaoil<sup>28</sup>].

---

<sup>6</sup> Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás

Bealtaine 2018<sup>11</sup>, an 22 Bealtaine 2019<sup>12</sup>, an 8 Samhain 2019<sup>13</sup>, an 30 Deireadh Fómhair 2020<sup>14</sup>, an 24 Samhain 2020<sup>15</sup>, an 29 Samhain 2021<sup>16</sup>, Moladh ón gCoimisiún an 4 Márta 2021<sup>17</sup>, Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021<sup>18</sup>, Rún ón gComhairle an 26 Feabhra 2021<sup>19</sup>, Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021<sup>20</sup>, Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021<sup>21</sup>, an Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach<sup>22</sup>, an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú<sup>23</sup>, an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micrea-chruthaithe d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus infhostaitheacht<sup>24</sup>, an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair<sup>25</sup>, an Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí maidir le trédhearcacht pá agus forfheidhmiú<sup>26</sup>, an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir *leis an gcothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí arna liostú ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara*<sup>26a</sup>, an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre a fheabhsú in obair na n-ardán<sup>27</sup>, an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta<sup>27a</sup> agus an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don inbhuanaitheacht chomhshaoil<sup>28</sup>].

---

<sup>6</sup> Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás

insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 07/08/2001 lch. 0012 – 0023)

<sup>7</sup> Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna (IO C 88, 27.3.2014, lch. 1).

<sup>8</sup> Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (IO C 67, 20.2.2016, lch. 1).

<sup>9</sup> Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uasoiliúna: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1).

<sup>10</sup> Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch. 1).

<sup>11</sup> Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

<sup>12</sup> Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht (IO C 189, 5.6.2019, lch. 4).

<sup>13</sup> Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

<sup>14</sup> Moladh an 30 Deireadh Fómhair 2020 ón gComhairle maidir le Droichead chun na Fostaíochta – Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir

insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 07/08/2001 lch. 0012 – 0023)

<sup>7</sup> Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna (IO C 88, 27.3.2014, lch. 1).

**<sup>5</sup> Moladh (AE) 2015/1184 ón gComhairle maidir le mór-threoirínte i leith beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (OI L 192, 18.7.2015, lch. 27).**

<sup>8</sup> Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair (IO C 67, 20.2.2016, lch. 1).

<sup>9</sup> Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uasoiliúna: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1).

<sup>10</sup> Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch. 1).

<sup>11</sup> Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

<sup>12</sup> Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht (IO C 189, 5.6.2019, lch. 4).

<sup>13</sup> Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

<sup>14</sup> Moladh an 30 Deireadh Fómhair 2020 ón gComhairle maidir le Droichead chun na Fostaíochta – Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir

le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).

<sup>15</sup> Council Recommendation of 24 November 2020 on vocational education and training (VET) for sustainable competitiveness, social fairness and resilience [Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (IO C 417, 2.12.2020, lch 1).

<sup>16</sup> Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaiscthe i gcomhair bunoidreachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1–21)

<sup>17</sup> Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/402 an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE) (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1).

<sup>18</sup> Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanáí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

<sup>19</sup> Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus i ndiaidh (2021-2030) (2021/C66/01) (IO C 66, 26.2.2021, lgh. 1–21)

<sup>20</sup> Teachtaireacht (AE) 2021/778 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 maidir le geilleagar a thógáil a oibríonn do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta

<sup>21</sup> Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1–9)

<sup>22</sup> *COM/2020/682 críochnaitheach.*

le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).

<sup>15</sup> Council Recommendation of 24 November 2020 on vocational education and training (VET) for sustainable competitiveness, social fairness and resilience [Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (IO C 417, 2.12.2020, lch 1).

<sup>16</sup> Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaiscthe i gcomhair bunoidreachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1–21)

<sup>17</sup> Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/402 an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE) (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1).

<sup>18</sup> Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanáí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

<sup>19</sup> Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus i ndiaidh (2021-2030) (2021/C66/01) (IO C 66, 26.2.2021, lgh. 1–21)

<sup>20</sup> Teachtaireacht (AE) 2021/778 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 maidir le geilleagar a thógáil a oibríonn do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta

<sup>21</sup> Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1–9)

<sup>22</sup> *Nach bhfuil foilsithe fós in Iris Oifigiúil*

<sup>23</sup> COM/2021/801 críochnaitheach.

<sup>24</sup> COM/2021/770 críochnaitheach.

<sup>25</sup> COM/2021/773 críochnaitheach.

<sup>26</sup> COM/2021/93 críochnaitheach.

<sup>27</sup> COM/2021/762 críochnaitheach.

<sup>28</sup> COM/2022/11 críochnaitheach

### *an Aontais Eorpaigh.*

<sup>23</sup> COM/2021/801 críochnaitheach.

<sup>24</sup> COM/2021/770 críochnaitheach.

<sup>25</sup> COM/2021/773 críochnaitheach.

<sup>26</sup> COM/2021/93 críochnaitheach.

### *<sup>26a</sup> Nach bhfuil foilsithe fós in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

<sup>27</sup> COM/2021/762 críochnaitheach.

<sup>27a</sup> **COM/2021/568 críochnaitheach**

<sup>28</sup> COM/2022/11 críochnaitheach

## **Leasú 7**

### **Togra le haghaidh cinnidh Aithris 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i gcreat uileghabhálach a dhéanann comhordú agus faireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíocha agus **fostaíochta**. Agus **an** inbhuanaitheacht chomhshaoil, **an táirgiúlacht, an chothroime agus an chobhsaíocht** á saothrú ag an Seimeastar Eorpach, **comhtháthaítear** prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus **an** uirlis faireacháin **a ghabhann leis**, an Scórchlár Sóisialta, agus déantar foráil maidir le rannpháirtíocht láidir leis na comhpháirtithe sóisialta, **leis an tsochaí sibhialta** agus **le** geallsealbhóirí eile. **Tacaíonn sé leis na** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Ba cheart beartais eacnamaíocha agus fostaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite le haistriú cothrom na hEorpa chuig geilleagar digiteach a bheidh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de, inbhuanaithe ó thaobh na chomhshaoil de, feabhas **a chur** ar an iomaíochas, dálaí oibre **leordhóthanacha** a áirithiú, an nuálaíocht a

*Leasú*

(5) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i gcreat uileghabhálach a dhéanann comhordú agus faireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíocha, **fostaíochta, sóisialta agus comhshaoil**. Agus inbhuanaitheacht, **táirgeacht, cuimsitheacht, cothroime agus cobhsaíocht** chomhshaoil á saothrú ag an Seimeastar Eorpach, **ba cheart thairis sin go gcomhtháthódh sé tuilleadh** prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (**an ‘Colún’**), **lena n-áirítear Prionsabal Uimh. 1 maidir le cúram leanaí** agus **tacaíocht do leanaí, agus a uirlis** faireacháin, an Scórchlár Sóisialta, agus déantar foráil **leis** maidir le rannpháirtíocht láidir leis na comhpháirtithe sóisialta, **le heagraíochtaí na sochaí sibhialta** agus geallsealbhóirí eile. **Ba cheart dó tacú le** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe **na Náisiún Aontaithe (SDGanna)** a bhaint amach, **lena n-áirítear SDG 1 maidir le ‘Deireadh leis an mBochtaineacht’, SDG 4 maidir le ‘Oideachas ar Ardchaighdeán’, SDG 5 maidir le**

chothú, an ceartas sóisialta agus comhdheiseanna a chur chun cinn, chomh maith le dul i ngleic le **héagothromaíochtaí** agus éagothromaíochtaí réigiúnacha.

***‘Comhionannas Inscne’, SDG 7 maidir le ‘Fuinneamh glan inacmhainne’, SDG 8 maidir le ‘Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch’ agus SFI 10 maidir le ‘Éagothromaíocht a laghdú’.*** Ba cheart oideachas ar ardchaighdeán agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil atá cuimsitheach agus cothrom do chách a áirithiú agus a bheith fréamhaithe i mbeartais fostaíochta agus shóisialta. Ba cheart comhionannas inscne a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais. D’fhéadfadh an t-innéacs comhionannais inscne feidhmiú mar cheann d’uirlisí an tSeimeastair chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna fostaíochta agus sóisialta agus chun tionchar inscne beartais fostaíochta agus sóisialta a thomhas. Ba cheart beartais eacnamaíochta agus fostaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite le haistriú cothrom agus cóir na hEorpa chuig geilleagar digiteach a bheidh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus cuimsitheach ar bhonn sóisialta, lena n-áirithítear cóineasú sóisialta aníos, lena gcuirtear feabhas ar an iomaíochas ar bhealach inbhuanaithe, lena dtacaítear le FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, dálaí cuibhiúla oibre a áirithiú chomh maith le córais leasa shóisialaigh athléimneacha, an nuálaíocht a chothú, an ceartas sóisialta agus comhdheiseanna a chur chun cinn do chách, an bhochtaineacht a dhíothú, infheistiú i leanaí agus daoine óga agus tacú leo, chomh maith le dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus éagothromaíochtaí réigiúnacha, go háirithe maidir leis na réigiúin iargúlta agus na réigiúin is forimeallaí. Is gá fostaíocht ardcháilíochta agus inbhuanaithe a áirithiú i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, bunaithe ar thionscnaimh reachtacha nó ar athbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann cheana, i gcás inar gá, go háirithe

*d'fhonn teilea-obair, saoire do thuismitheoirí agus saoire a bhaineann le cúram, sláinte agus sábháilteacht cheirde, intleacht shaorga (IS) san ionad oibre, straitéis Eorpach i gcoinne na bochtaineachta, chomh maith le creat dlíthiúil ginearálta maidir le fochonraitheoireacht, lena ngabhann trédhearcacht mhéadaithe agus moltaí maidir le dliteanas. Tá gníomh reachtach de chuid an Aontais maidir leis an gceart chun dícheangail á phlé faoi láthair ag comhpháirtithe sóisialta na hEorpa i gcomhthéacs a gCreat-Chomhaontaithe maidir leis an Digiú. Mar thoradh ar an bplé sin, ba cheart go dtiocfadh treoir maidir le caighdeáin agus coinníollacha íosta chun a áirithiú go mbeidh oibrithe in ann a gceart chun dícheangail a fheidhmiú go héifeachtach agus úsáid uirlisí digiteacha atá ann cheana agus uirlisí digiteacha nua a rialáil chun críocha oibre. Ba cheart comhchreat dlíthiúil a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais chun luach saothair cóir a áirithiú d'intéirneachtaí, do thréimhsí oiliúna agus do phrintíseachtaí chun dúshaothrú oibrithe óga agus sárú ar a gcearta a sheachaint. Ba cheart do na Ballstáit dálaí cuibhiúla oibre agus rochtain ar chosaint shóisialta a áirithiú d'intéirnigh, d'oiliúnaithe agus do phrintísigh.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh cinnidh  
Aithris 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(5a) Chun rioscaí ag an obair a dhíothú go héifeachtach, ba cheart an mheabhairshláinte agus an tsláinte choirp araon a chosaint; ba cheart aird ar leith a thabhairt ar nochtadh oibrithe do shubstaintí díobhálacha, ach freisin ar uaireanta fada oibre, ar bhrú*

*síceasóisialta, ar dhrochstaidiúir, ar ghluaiseacht atriallach agus ar thógáil meáchain throm. Tá sláinte agus sábháilteacht ceirde níos fearr ríthábhachtach chun dálaí cuibhiúla oibre a áirithiú, go háirithe i bhfianaise athruithe déimeagrafacha agus an easpa oibríthe cáiliúla atá ann cheana. Dá bhri sin, tá géarghá le fostaíocht ardcháilíochta, shábháilte agus inbhuanaithe i gcomhréir leis na rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2022 maidir le creat straitéiseach nua AE maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair tar éis 2020 agus an 5 Iúil 2022 maidir leis an meabhairshláinte sa saol digiteach oibre. Ba cheart, dá bhri sin, seirbhísí leighis ceirde, lena n-áirítear tacaíocht shíceasóisialta agus seiceálacha rialta deonacha do gach oibrí, a neartú.*

## Leasú 9

### Togra le haghaidh cinnidh Aithris 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) An t-athrú aeráide agus dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol, an gá atá le **dlús a chur le** neamhspleáchas fuinnimh agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa a áirithiú, an domhandú, an digitiú, an intleacht shaorga, méadú ar theilea-obair, geilleagar na n-ardán **agus** an t-athrú déimeagrafach, tá geilleagair agus sochaithe na hEorpa ag athrú ó bhonn. Beidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí struchtúracha sin go héifeachtach agus go réamhghníomhach agus chun na córais atá ann cheana a oiriúnú de réir mar is gá, agus aitheantas á thabhairt do dhlúth-idirspleáchas gheilleagair agus mhargaí saothair na mBallstát, agus do bheartais ghaolmhara. Chuige sin, teastaíonn gníomhaíocht beartais atá comhordaithe, uailmhianach

*Leasú*

(6) An t-athrú aeráide agus dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol, an gá atá le neamhspleáchas fuinnimh agus **aistriú glas atá cóir ó thaobh na sochaí de a bhaint amach, agus** neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa a áirithiú, an domhandú, an digitiú, an intleacht shaorga, méadú ar theilea-obair, geilleagar na n-ardán, an t-athrú déimeagrafach **agus ionradh na Rúise ar an Úcráin**, tá geilleagair agus sochaithe na hEorpa ag athrú ó bhonn. Beidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí struchtúracha sin **chomh maith leis na méaduithe ar an mboilsciú** go héifeachtach agus go réamhghníomhach agus chun na córais atá ann cheana a oiriúnú de réir mar is gá, agus aitheantas á thabhairt do dhlúth-idirspleáchas gheilleagair agus mhargaí saothair na



agus éifeachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal *náisiúnta araon*, i gcomhréir le CFAE agus le forálacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch, **agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta á chur chun feidhme ag an am céanna**. Ba cheart go gcuimseodh **gníomhaíocht** beartais den sórt sin borradh faoi infheistíocht inbhuanaithe, gealltanas athnuaithe d'athchóirithe atá leagtha síos go hiomchuí agus a fheabhsaíonn an fás eacnamaíoch, cruthú post ardcháilíochta, táirgiúlacht, dálaí oibre **leordhóthanacha**, comhtháthú sóisialta agus críochach, cóineasú aníos, athléimneacht agus feidhmiú freagrachta fíosaí, le tacaíocht ó chláir chistiúcháin AE atá ann cheana, agus go háirithe an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht agus Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe (lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) chomh maith leis an gCiste **Trasdula**. Ba cheart di seachbhearta soláthair agus éilimh a chomhcheangail le chéile, agus na tionchair a bheidh acu ar chúrsaí comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh san am céanna.

mBallstát, agus do bheartais ghaolmhara. Chuige sin, teastaíonn gníomhaíocht beartais atá comhordaithe, **thrasnach**, uailmhianach agus éifeachtach ar leibhéal an Aontais, **ar an leibhéal náisiúnta** agus ar an leibhéal **réigiúnach lena mbaineann na comhpháirtithe sóisialta**, i gcomhréir le CFAE agus le **prionsabal na coimhdeachta, leis an gColún agus leis na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an 4 Márta 2021 (an 'Plean Gníomhaíochta')**, **chomh maith le** forálacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch. Ba cheart go gcuimseodh **gníomhaíochtaí** beartais den sórt sin borradh faoi infheistíocht **phoiblí agus phríobháideach** inbhuanaithe, **iomaíochas agus bonneagair**, gealltanas athnuaithe d'athchóirithe atá leagtha síos go hiomchuí agus a fheabhsaíonn an fás eacnamaíoch **inbhuanaithe agus cuimsitheach**, cruthú **tuilleadh** post ardcháilíochta, táirgiúlacht, dálaí **cuibhiúla** oibre, comhtháthú sóisialta agus críochach, cóineasú **sóisialta** aníos **agus rathúnas eacnamaíoch, ceartas sóisialta, comhionannas deiseanna agus cuimsiú, soghluaisteacht chothrom lucht saothair**, athléimneacht agus feidhmiú freagrachta fíosaí **agus sóisialta**, le tacaíocht ó chláir chistiúcháin AE atá ann cheana, agus go háirithe an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht agus Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe (lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) chomh maith leis an gCiste **um Aistriú Cóir**. Ba cheart di seachbhearta soláthair agus éilimh a chomhcheangail le chéile, agus na tionchair a bheidh acu ar chúrsaí comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh san am céanna. **Le gníomhachtú 'clásal éalaithe' ginearálta an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020, cuireadh ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus bearta éigeandála a ghlacadh chun tionchar**

*eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime a mhaolú. Mar gheall ar chineál sonracha na turrainge eacnamaíche a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin, chomh maith leis an ngéarchéim reatha maidir le costas maireachtála, tá gá le spás fíoscach leanúnach do na Ballstáit. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an tuairim ón gCoimisiún, éilíonn an comhthéacs reatha síneadh a chur leis an ‘gclásal éalaithe’ ginearálta go dtí deireadh 2023 agus é a dhíghníomhachtú ó 2024. Ba cheart do na Ballstáit úsáid iomlán a bhaint as an bhféidearthacht a chuirtear ar fáil leis an ‘gclásal éalaithe’ ginearálta chun tacú le gnóthais atá i gcruachás nó a bhfuil easpa leachtachta orthu, go háirithe FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, chun bearta spriocdhírthe a ghlacadh chun poist, pá agus dálaí oibre a choimirciú agus chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus i gcórais leasa shóisialta. Ba cheart an riosca féideartha don airgeadas poiblí as an bhfadú, agus na hiarmhairtí diúltacha sóisialta féideartha a bhainfeadh lena dhíghníomhachtú a mheas ex-ante. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh cinnidh  
Aithris 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(6a) Cé go bhfuil sé d’acmhainneacht ag an teilea-obair feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil, ídiú breosla iontaise a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, teorainneacha geografacha a shárú agus grúpaí oibríthe a bhí eisiata go dtí seo a chumasú chun rochtain a fháil ar an margadh saothair, tá baol ann freisin go laghdófar léi na teorainneacha idir am oibre agus an saol*

*príobháideach agus go bhféadfadh toradh diúltach a bheith ann do chearta bunúsacha oibríthe agus dá sláinte choirp agus mheabhairshláinte b'fhéidir. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh réitigh IS feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar cháilíocht saoil, inrochtaineacht a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus forbairtí sa mhargadh saothair a thuar; mar sin féin, is ábhar imní iad a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le príobháideachas, rialú sonraí pearsanta, sláinte agus sábháilteacht cheirde, idirdhealú san earcaíocht chomh maith le méadú ar phróifiliú ciníoch agus inscne, ar cheart aghaidh a thabhairt orthu.*

## Leasú 11

### Togra le haghaidh cinnidh Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) D'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an **Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**<sup>29</sup>. Leagtar amach ann fiche prionsabal agus ceart lena dtacófar le dea-fheidhmiú agus cothromas sna margaí saothair, a roinntear i dtrí chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain chothrom ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint agus cuimsiú sóisialta. Leis na prionsabail agus na cearta tugtar treoir straitéiseach don Aontas lena áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig an neodracht aeráide agus chuig inbhuanaitheacht chomhshaoil, an digitíú agus an t-athrú déimeagrafach cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta. Is creat tagartha é Colún **Eorpach na gCeart Sóisialta**, mar aon leis an Scórchlár Sóisialta a ghabhann leis, chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaíochta agus shóisialta na mBallstát, chun athchóirithe a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus chun réiteach a dhéanamh idir an 'sóisialta' agus an

*Leasú*

(7) D'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Colún. Leagtar amach ann fiche prionsabal agus ceart lena dtacófar le dea-fheidhmiú agus cothromas sna margaí saothair, a roinntear i dtrí chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain chothrom ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint agus cuimsiú sóisialta. Leis na prionsabail agus na cearta tugtar treoir straitéiseach don Aontas lena áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig an neodracht aeráide agus chuig inbhuanaitheacht chomhshaoil, an digitíú agus an t-athrú déimeagrafach cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta **agus geografach**. Is creat tagartha é **an** Colún, mar aon leis an Scórchlár Sóisialta a ghabhann leis, chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fostaíochta agus shóisialta na mBallstát, chun athchóirithe a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus chun réiteach a dhéanamh idir an 'sóisialta' agus an 'margadh' i ngeilleagar an lae inniu, lena n-áirítear tríd

‘margadh’ i ngeilleagar *nua-aimseartha* an lae inniu, lena n-áirítear tríd an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn. *An 4 Márta 2021, chuir an Coimisiún Plean* Gníomhaíochta *chun cinn maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (an ‘Plean Gníomhaíochta’)*, lena n-áirítear príomhspríocanna uailmhianacha ach réadúla agus fospriocanna comhlántacha do 2030, i réimsí na fostaíochta, na scileanna, an oideachais agus laghdú na bochtaineachta, chomh maith leis an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe.

*Ballstáit a mbeartais fostaíochta a oiriúnú agus cur chun feidhme na ndeatchleachtas a chomhordú ar leibhéal an Aontais maidir le bearta sealadacha lena gcosnaítear oibrithe agus margat saothair tráth géarchéime agus páirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta ina leith sin. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin fóirdheontais phá, tacaíocht ioncaim agus síneadh a chur le scéimeanna um shochar dífhostaíochta chomh maith le síneadh a chur le saoire bhreiteachta íoctha, saoire cúramóirí agus socruithe teileaoibre. Ba cheart do na Ballstáit tacú le claochlú na n-earnálacha eacnamaíocha rithábhachtacha chun neamhthuilleamaíocht agus uathriail straitéiseach a áirithiú. D'fhonn soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a éascú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chearta agus poist oibrithe taistil a choimirciú, ar dhioplómaí a aithint agus ar chláir oideachais agus malartaithe trasteorann a neartú. Tá ról tábhachtach ag an Údarás Eorpach Saothair maidir le cuidiú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar rialacha an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a fhorfheidhmiú ar bhealach cothrom, simplí agus éifeachtach.*

Leasú 20

**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Ba cheart an cánachas a aistriú ón saothar go dtí foinsí cánacha eile a thugann níos mó tacaíochta don fostaíocht agus don fhás cuimsitheach, agus atá ailínithe le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, ag féachaint d'éifeacht athdháilte an cháinchórais, agus ioncam le haghaidh cosaint shóisialta leordhóthanach agus*

*Leasú*

*Ba cheart don chánachas náisiúnta tacú leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás cuimsitheach i gcomhréir leis na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 3 CAE, chomh maith leis na SDGanna, Comhaontú Pháras agus cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ba cheart éifeacht*

caiteachas spreagtha fáis a chosaint *san am céanna*.

*dáileacháin ar an gcáinchóras a chur san áireamh le hathchóirithe cánach agus ba cheart ioncam le haghaidh infheistíocht phoiblí, go háirithe seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, cosaint shóisialta agus caiteachas inbhuanaithe spreagtha fáis a chosaint.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit, lena n-áirítear iad sin a bhfuil pá íosta náisiúnta i bhfeidhm acu, cómhargáil a chur chun cinn d'fhonn socrú pá a chur i bhfeidhm, agus rannpháirtíocht éifeachtach comhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar bhealach trédhearcach intuatha, lena *gcuirfí* freagrúlacht leormhaith an phá i leith forbairtí táirgiúlachta *san áireamh* agus lena gothófaí pá cothrom le haghaidh caighdeán *sásúil* maireachtála, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí ar ioncam íseal *nó* ar mheánioncam ar mhaithe leis an gcóineasú aníos a neartú. Ba cheart dálaí socheacnamaíocha, lena n-áirítear forbairtí réigiúnacha agus earnálacha, a chur san áireamh sna sásraí chun pá a shocrú. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, ba cheart do na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta a áirithiú go mbeidh pá cothrom ag gach oibrí trí tairbhe a bhaint, go díreach nó go hindíreach, as comhaontuithe comhchoiteanna nó as pá íosta reachtúil *leordhóthanach*, agus a dtionchar ar an iomaíochas, ar chruthú post agus ar bhochtaineacht lucht oibre á chur san áireamh.

*Leasú*

*Tá beartais lena n-áirithítear go lamhálann pá caighdeán cuibhiúil maireachtála, lena n-áirítear do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, tábhachtach i gcónaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht lucht oibre.* Ba cheart do na Ballstáit, lena n-áirítear iad sin a bhfuil pá íosta náisiúnta i bhfeidhm acu, cómhargáil a chur chun cinn d'fhonn socrú pá a chur i bhfeidhm, agus rannpháirtíocht éifeachtach comhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar bhealach trédhearcach intuatha, lena *lamhálfáí* freagrúlacht leormhaith an phá i leith forbairtí táirgiúlachta *fadtéarmaí* agus lena gothófaí pá cothrom le haghaidh caighdeán *cuibhiúil* maireachtála *do gach oibrí*, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí ar ioncam íseal *agus* ar mheánioncam *agus* ar *a gcumhacht cheannaigh ar* mhaithe leis an gcóineasú aníos a neartú. Ba cheart dálaí socheacnamaíocha, lena n-áirítear forbairtí réigiúnacha agus earnálacha, a chur san áireamh sna sásraí chun pá a shocrú, *agus úsáid á baint, mar shampla, as ciseán earraí agus seirbhísí ar fhíorphraghsanna arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta nó luachanna tagartha idirnáisiúnta nó náisiúnta.* Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta *i gcomhréir leis na conarthaí*, ba cheart do na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta a áirithiú go

mbeidh pá cothrom ag gach oibrí trí tairbhe a bhaint, go díreach nó go hindíreach, as comhaontuithe comhchoiteanna nó as pá íosta reachtúil **leormhaith**, agus a dtionchar ar an iomaíochas, ar chruthú post, **ar chomhionannas inscne** agus ar bhochtaineacht lucht oibre á chur san áireamh. **Gan dochar d’inniúlacht na mBallstát an pá íosta reachtúil a shocrú agus éagsúlachtaí agus asbhaintí a lamháil, tá sé tábhachtach úsáid fhorleathan éagsúlachtaí agus asbhaintí a sheachaint, ós rud é go bhfuil an baol ann go mbeadh tionchar diúltach acu ar leordhóthanacht an phá. Áiritheoidh siad go n-urramófar leis na héagsúlachtaí agus na hasbhaintí sin prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta agus go saothrófar aidhm dhlísteanach leo i gcomhréir leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach.**

Leasú 22

**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Urramóidh faighteoirí chistí an Aontais dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cearta sóisialta agus saothair agus maidir le cánachas. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear tacaíocht airgeadais phoiblí ar fáil do ghnólachtaí chun éifeachtaí eacnamaíocha na paindéime agus ionradh na Rúise ar an Úcráin a chomhrac ar choinníoll go n-úsáidfear an cistiú chun tairbhe na bhfostaithe agus go staonfaidh na gnólachtaí faighteora ó bhónais a íoc leis an mbainistíocht, díbhinní a íoc nó scéimeanna aisceannaigh scaireanna a thairiscint fad a mbeidh an tacaíocht sin á fáil acu.**

**Togra le haghaidh cinnidh**  
**Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcomhthéacs na n-aistrithe digiteacha agus ghlasa, an athraithe dhéimeagrafaigh agus an **chogaidh san** Úcráin, ba cheart do na Ballstáit an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, an infhostaitheacht agus **an caipiteal daonna** a chur chun cinn, **lena gcothófaí sealbhú** scileanna agus inniúlachtaí ar fud shaol na ndaoine agus **lena bhfreagrófaí** do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, i bhfianaise phríomhspríoc 2030 an Aontais maidir le scileanna. Ba cheart do na Ballstáit a gcórais oideachais agus oiliúna a **chur in oiriúint** agus infheistíocht a dhéanamh iontu chun oideachas ardcháilíochta cuimsitheach a chur ar fáil, **lena n-áirítear** gairmoideachas agus gairmoiliúint, rochtain ar an bhfoghlaim dhigiteach, agus oiliúint teanga (e.g. i gcás dídeanaithe, lena n-áirítear dídeanaithe ón Úcráin). Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, le soláthraithe oideachais agus oiliúna, le frontair agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha **sna córais** oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht agus a n-ábharthacht i leith mhargadh an tsaothair, **d'fhonn an t-aistriú glas** agus **digiteach a bhaint amach, d'fhonn** aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna atá ann cheana agus **d'fhonn** teacht chun cinn ganntanas nua a chosc, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le REPowerEU, amhail imscaradh fuinnimh inathnuaithe **nó** athchóiriú foirgneamh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair ghairm na múinteoireachta, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh in inniúlachtaí digiteacha múinteoirí agus

*Leasú*

I gcomhthéacs na n-aistrithe digiteacha agus ghlasa, an athraithe dhéimeagrafaigh agus **ionradh na Rúise ar** an Úcráin, **chomh maith leis an gcostas maireachtála atá ag dul i méid**, ba cheart do na Ballstáit **cearta sóisialta**, an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, an infhostaitheacht agus **infheistíochtaí in oibríthe agus i ndaoine** a chur chun cinn **trí shealbhú** scileanna agus inniúlachtaí ar fud shaol na ndaoine **a chothú** agus **trí fhreagairt** do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, i bhfianaise phríomhspríoc 2030 an Aontais maidir le scileanna, **go háirithe scileanna digiteacha**. Ba cheart do na Ballstáit a gcórais oideachais agus oiliúna a **oiriúnú, a nuachóiriú** agus infheistíocht a dhéanamh iontu chun oideachas ardcháilíochta **agus** cuimsitheach a chur ar fáil, **go háirithe** gairmoideachas agus gairmoiliúint, **eolas fiontraíochta, lena n-áirítear fiontraíocht shóisialta**, rochtain ar an bhfoghlaim dhigiteach, agus oiliúint teanga (e.g. i gcás dídeanaithe **uile**, lena n-áirítear dídeanaithe ón Úcráin), **chomh maith le foghlaim fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar feadh an tsaoil**. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, le **húdaráis réigiúnacha agus áitiúla**, le soláthraithe oideachais agus oiliúna, le frontair agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha **agus na laigí atá ag teacht chun cinn i gcórais** oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht agus a n-ábharthacht i leith mhargadh an tsaothair, **chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na haistrithe glasa** agus **digiteacha agus dlús a chur leo, chun** aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna atá ann cheana agus **ar**

oiliúnóirí. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus **scileanna** digiteacha chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha chun bunchloch a leagan síos **a chuideoidh lena n-inoiriúnaitheacht** agus **lena n-athléimneacht** ar feadh an tsaoil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le soláthar teidlíochtaí oiliúna aonair a neartú agus a áirithiú go mbeidh siad inaistrithe le linn aistrithe gairmiúla, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair, chomh maith le córas iontaofa measúnaithe cáilíochta oiliúna. Ba cheart do na Ballstáit **na cuspóirí maidir leis** an acmhainneacht atá ag micridhintiúir chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an infhostaitheacht a bhaint amach. Ba cheart go **gcuirfeadh siad ar chumas gach duine riachtanais an mhargaidh saothair a réamh-mheas** agus **iad féin a chur in oiriúint níos fearr dóibh go háirithe trí uasoiliúint agus athoiliúint leanúnach agus trí threoir agus comhairleoireacht chomhtháite a sholáthar**, d'fhonn tacú le haistrithe cothroma agus córa do chách, **torthaí sóisialta a neartú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa mhargadh saothair agus ar neamhréir scileanna**, athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair **ó thaobh turraingí a fheabhsú** agus coigeartuithe féideartha a **dhéanamh níos éasca**.

**dhífheidhmíocht scileanna agus chun** teacht chun cinn ganntanas nua a chosc, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le REPowerEU, amhail imscaradh fuinnimh inathnuaite, **éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú domhain** foirgneamh. Ba cheart **do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-earnálacha agus na réigiún a bhfuil ganntanais struchtúracha maidir le margadh an tsaothair agus scileanna acu, inter alia d'fhonn na haistrithe glasa, teicneolaíochta agus digiteacha a chumasú ag an am céanna. Ba cheart do na Ballstáit tacú le gnóthais agus iad a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i scileanna a bhfoirne agus dálaí cuibhiúla oibre agus fostaíochta a sholáthar chun oibríthe cáilithe a mhealladh. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit na hacmhainní uile atá ar fáil ó CSE+ agus ó chlár agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, amhail Next Generation EU, a úsáid chun cáilíochtaí daoine óga a neartú agus chun déchórais oideachais a chur chun cinn. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair ghairm na múinteoireachta, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh in inniúlachtaí digiteacha múinteoirí agus oiliúnóirí, **chomh maith le hinfeistíocht a dhéanamh i dtaobh a n-eolais maidir leis an athrú aeráide agus an fhorbairt inbhuanaithe**. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus digiteacha chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha **foirmiúla agus neamhfoirmiúla, amhail cumarsáid agus an smaointeoireacht chriticiúil**, chun bunchloch a leagan síos **don inoiriúnaitheacht** agus **don athléimneacht** ar feadh an tsaoil **agus ba cheart dóibh múinteoirí a ullmhú chun a bheith in ann na hinniúlachtaí sin a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí. Chun forbairt agus soghluaisteacht na bhfoghlaimeoirí a chothú i bhfianaise sprioc 2030 maidir le****

*rannpháirtíocht bhliantúil daoine fásta san oiliúint a mhéadú go 60 %, ba cheart do na Ballstáit féachaint le soláthar teidlíochtaí oiliúna aonair a neartú agus a áirithiú go mbeidh siad inaistrithe le linn aistrithe gairmiúla, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair, chomh maith le córas iontaofa measúnaithe cáilíochta oiliúna. Ba cheart do na Ballstáit an acmhainneacht atá ag micridhintiúir chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an infhostaitheacht a bhaint amach. Ba cheart dóibh a áirithiú ag an am céanna go gcaomhnófar taobh daonnachaíoch an oideachais agus go n-urramófar mianta daoine aonair. D'fhonn tacú le haistrithe cothroma agus córa do chách, **chomh maith le riachtanais mhargadh an tsaothair a thuar agus oiriúnú dóibh ar bhealach níos fearr, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit feabhas ar athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair. Ba cheart dóibh dálaí cuibhiúla oibre agus coigeartuithe féideartha a éascú trí uas-sciliú agus athsciliú leanúnach, trí na córais agus na seirbhísí cosanta sóisialta a neartú agus trí threoír agus comhairleoireacht chomhtháite a sholáthar, chomh maith le beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair i bhfianaise suaití geilleagair a bheidh ann amach anseo freisin.***

Leasú 24

**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit comhdheiseanna a chothú do chách trí **aghaidh a thabhairt ar** neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna. Go háirithe, ba cheart rochtain ar oideachas agus ar chúram luath-óige d'ardchaighdeán a thabhairt do leanaí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit comhdheiseanna a chothú do chách trí **dheireadh a chur le** neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna. Go háirithe, ba cheart rochtain **chomhionann** ar oideachas agus ar chúram luath-óige d'ardchaighdeán a thabhairt do leanaí, i gcomhréir leis an



Leanaí. Ba cheart do na Ballstáit na leibhéil cháilíochta fhoriomlána a ardú, líon na ndaoine a fhágann an t-oideachas agus an oiliúint go luath a laghdú, tacú le rochtain ar oideachas leanaí ó ***cheantair iargúlta***, tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (***VET***), rochtain ar oideachas treasach agus críochnú oideachais threasaigh a ***mhéadú***, an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht do dhaoine óga a éascú trí chúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ar ardchaighdeán, chomh maith le rannpháirtíocht daoine fásta i bhfoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus ó na daoine is lú atá cáilithe. Agus ceanglais nua na sochaithe digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcórais gairmoideachais agus gairmoiliúna (***VET***) a neartú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí éifeachtacha ar ardchaighdeán, agus líon na gcéimithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (***STEM***) a mhéadú sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus san oideachas treasach araon, go háirithe líon na mban. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit ábharthacht an oideachais threasaigh a fheabhsú maidir le margadh an tsaothair, agus i gcás inarb iomchuí, taighde a fheabhsú freisin maidir leis an margadh sin; ***feabhas a chur ar fhaireachán*** agus ***ar réamhaisnéis scileanna***; scileanna a dhéanamh níos feiceálaí agus cáilíochtaí ***a dhéanamh incomparáide lena chéile***, lena n-áirítear na cáilíochtaí a gnóthaíodh thar lear; agus deiseanna a mhéadú chun scileanna agus inniúlachtaí a sealbhaíodh lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil a aithint agus a bhailíochtú. Ba cheart dóibh soláthar na gairmoiliúna agus ***an ghairmoideachais atá solúbtha leanúnach*** a uasghrádú agus an ráta iontrála a bhaineann leo a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit freisin ***tacú*** le

Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ***agus le spriocanna Barcelona***. Ba cheart do na Ballstáit na leibhéil cháilíochta fhoriomlána a ardú, líon na ndaoine a fhágann an t-oideachas agus an oiliúint go luath a laghdú, tacú le rochtain ar oideachas leanaí ó ***ghrúpaí agus réigiúin faoi mhíchumas***, tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ***a mhéadú***, rochtain ar oideachas treasach agus críochnú oideachais threasaigh a ***chur chun cinn***, an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht do dhaoine óga a éascú trí chúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ***cuimsitheacha íoctha*** ar ardchaighdeán, chomh maith le rannpháirtíocht daoine fásta i bhfoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus ó na daoine is lú atá cáilithe. Agus ceanglais nua na sochaithe digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcórais gairmoideachais agus gairmoiliúna a neartú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí éifeachtacha ***cuimsitheacha íoctha*** ar ardchaighdeán, agus ***infheistíocht leanúnach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú***, líon na gcéimithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (***ETIM***) a mhéadú sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus san oideachas treasach araon, go háirithe líon na mban. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit ábharthacht an oideachais threasaigh a fheabhsú maidir le margadh an tsaothair, agus i gcás inarb iomchuí, taighde a fheabhsú freisin maidir leis an margadh sin; ***dé-oiliúint a neartú, faireachán*** agus réamhaisnéis scileanna ***a fheabhsú***; scileanna a dhéanamh níos feiceálaí agus ***incomparáideacht agus aithint*** cáilíochtaí, lena n-áirítear na cáilíochtaí a gnóthaíodh thar lear, ***a shimpliú***; agus deiseanna a mhéadú chun scileanna agus inniúlachtaí a sealbhaíodh lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint

daoine fásta ar bheagán oiliúna a n-infhostaitheacht fadtéarmach a choinneáil ar bun nó a fhorbairt trí bhorradh a chur faoi rochtain ar dheiseanna foghlama ar ardchaighdeán agus borradh a chur faoin méid daoine a théann ina mbun, tríd an Moladh maidir le Conairí Uas-scilithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear measúnú scileanna, tairiscint oideachais agus oiliúna de réir deiseanna i leith an mhargaidh saothair, agus ***aitheantas a thabhairt do na scileanna a fuarthas agus iad a bhailíochtú.***

fhoirmiúil a aithint agus a bhailíochtú, ***agus i gcás náisiúnaigh tríú tíortha chomh maith.*** Ba cheart dóibh soláthar ***leanúnach an ghairmoideachais agus*** na gairmoiliúna ***atá níos solúbtha*** agus ***níos cuimsithí*** a uasghrádú agus an ráta iontrála a bhaineann leo a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit ***tacú le cruthú post agus infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna cosanta sóisialta, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas agus d'oibrithe a bhfuil deacrachtaí acu uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, agus tacú*** freisin le daoine fásta ar bheagán oiliúna ***chun rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair agus ar fhostaíocht chobhsaí ar ardchaighdeán. Tá sé tábhachtach sa chomhthéacs seo a n-infhostaitheacht fadtéarmach a choinneáil ar bun nó a fhorbairt trí bhorradh a chur faoi rochtain ar dheiseanna foghlama ar ardchaighdeán agus borradh a chur faoin méid daoine a théann ina mbun, tríd an Moladh maidir le Conairí Uas-scilithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear measúnú scileanna, tairiscint oideachais agus oiliúna de réir deiseanna i leith an mhargaidh saothair. Ba cheart an ceart chun saoire oideachais íoctha chun críocha gairmiúla a spreagadh, i gcomhréir le coinbhinsiúin ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), lena gceadaítear d'oibrithe freastal ar chláir oiliúna le linn uaireanta oibre. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun rochtain uilíoch, éifeachtach agus chomhionann ar chianfhoghlaim agus ar chianoiliúint a chur chun cinn, agus aird iomlán á tabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, daoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta agus tuismitheoirí, go háirithe tuismitheoirí aonair.***

**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit cúnamb éifeachtach, tráthúil, comhordaithe agus saincheaptha a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus daoine **neamhghníomhacha**, cúnamb atá bunaithe ar thacaíocht do chuardach poist, **d’oilíúint, d’athcháiliú agus do** rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí **leochaileacha** agus ar dhaoine a **ndéanann na haistrithe glasa** agus **digiteacha difear ar leith dóibh**. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnaithe aonair grinn ar dhaoine **atá** dífhostaithe a shaothrú a luaithe is féidir, tar éis 18 mí **den dífhostaíocht ar a dhéanaí**, d’fhonn an dífhostaíocht fhadtéarmach struchtúrach a **laghdú** agus **a chosc**. Ba cheart **leanúint d’aghaidh** a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), tríd an luathfhágáil scoile a chosc agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, rud a **thacóidh, thar aon ní eile, le deiseanna fostaíochta óige** ar ardcháilíocht sa téarnamh iarphaindéime. Ina theannta sin, agus i bhfianaise Bhliain Eorpach na hÓige 2022, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun béim a leagan ar an gcaoi a dtairgtear, leis na haistrithe glasa agus digiteacha, dearcadh athnuaite don todhchaí agus deiseanna chun tionchar diúltach na paindéime ar dhaoine óga a chomhrac.

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit cúnamb éifeachtach, tráthúil, comhordaithe agus saincheaptha a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus **neamhghníomhacha atá in aois oibre, go háirithe** daoine **atá dífhostaithe go fadtéarmach, chun na deiseanna atá acu sa mhargadh saothair a fheabhsú**, cúnamb atá bunaithe ar thacaíocht do chuardach poist, **don** oilíúint, **don** athcháiliú agus **don** rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, **i réimsí na sláinte agus na tithíochta freisin, agus** aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí **atá faoi mhíbhuntáiste** agus ar dhaoine a **dteastaíonn breis tacaíochta uathu chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhainistiú**. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnaithe aonair grinn ar dhaoine dífhostaithe a shaothrú a luaithe **agus** is féidir, **tráth nach déanaí ná** tar éis 18 mí **de dhífhostaíocht**, d’fhonn **laghdú suntasach a dhéanamh ar** an dífhostaíocht fhadtéarmach **agus** struchtúrach, **agus tráth nach déanaí ná tar éis ocht mí de dhífhostaíocht i gcás oibrithe a dífhostaíodh le déanaí chun an baol a bhaineann le dífhostaíocht fhadtéarmach a sheachaint**, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine **atá faoi mhíchumas agus ar ghrúpaí leochaileacha eile**. Ba cheart **do na Ballstáit, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, aistrithe post a éascú, le tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, ón gCiste um Aistriú Cóir agus ó thionscnaimh amhail RePowerEU. Ba cheart** aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige, **ar dhífhostaíocht neamhbhuan na ndaoine óga** agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) **ar bhonn práinne** tríd an luathfhágáil scoile a chosc, **lena n-áirítear printíseachtaí ionchuimsitheacha**

*ar íocaíocht*, agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht *threisithe* don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán *agus go héifeachtach agus trí úsáid a bhaint as an gcistiú ábhartha de chuid an Aontais amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*, rud a *thacódh le fostaíocht* ar ardcháilíocht *don aos óg* sa téarnamh iarphaindéime. *Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit dálaí cuibhiúla oibre agus rochtain ar chosaint shóisialta a áirithiú d'intéirigh, d'oiliúnaithe agus do phrintísigh*. Ina theannta sin, agus i bhfianaise Bhliain Eorpach na hÓige 2022, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun béim a leagan ar an gcaoi a dtairgtear, leis na haistrithe glasa agus digiteacha, dearcadh athnuaite don todhchaí agus deiseanna chun tionchar diúltach na paindéime ar dhaoine óga a chomhrac. *Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chlásal i dtaobh na hóige a chur chun feidhme lena ndéanfaí measúnú ar an tionchar atá ag tionscnaimh nua i ngach réimse beartais ar dhaoine óga.*

## Leasú 26

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le bacainní agus *le* dídhreasuithe i leith rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dreasuithe a chur ar fáil *ina leith*, go háirithe le haghaidh *daoine ar ioncam íseal, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh* agus na ndaoine sin is faide ón margadh saothair, lena n-áirítear daoine a bhfuil cúlra imirceach acu agus *pobail imeallacha na Romach*. I bhfianaise ganntanas ard lucht

*Leasú*

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le bacainní agus dídhreasuithe i leith rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dreasuithe a chur ar fáil *chun rochtain a fháil ar an margadh saothair agus rannpháirt a ghlacadh ann*, go háirithe le haghaidh *grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste* agus na ndaoine sin is faide ón margadh saothair, lena n-áirítear daoine *atá faoi mhíchumas, daoine* a bhfuil cúlra imirceach acu agus

saothair i ngairmeacha agus in earnálacha áirithe, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú leis an soláthar saothair a chothú, go háirithe trí phá **leordhóthanach** agus dálaí oibre **cuibhiúla** a chur chun cinn, chomh maith le beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir le margadh an tsaothair. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre **oiriúnaithe** do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais agus **seirbhísí** spriocdhíritha a chuireann ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

**Romaigh atá imeallaithe.** I bhfianaise ganntanas ard lucht saothair i ngairmeacha agus in earnálacha áirithe, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú leis an soláthar saothair a chothú, go háirithe trí phá agus dálaí oibre **atá cuibhiúil** a chur chun cinn, chomh maith le beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir le margadh an tsaothair. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre **inrochtana** do dhaoine **atá** faoi mhíchumas **agus le cóiriú réasúnta ar an áit oibre**, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais, **táirgí, seirbhísí** agus **timpeallacht** spriocdhíritha a chuireann ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. **Is féidir leis an teilea-obair rialaithe agus teicneolaíochtaí nua deiseanna a chur ar fáil, go háirithe le haghaidh grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, fad a bheidh an bonneagar digiteach is gá i bhfeidhm, go mbeidh sé ar phraghas réasúnta agus go mbeidh sé inrochtana ag cách. Níor cheart don teilea-obair, áfach, fostóirí a scaoileadh ón oibleagáid cóiriú réasúnta a dhéanamh ar an áit oibre agus cultúir ionchuimsitheacha a chur chun cinn san áit oibre d'oibritha atá faoi mhíchumas.**

Leasú 27

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart **dul i ngleic leis** na bearnaí fostaíochta agus **na bearnaí pá** idir na hinscní. Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar rochtain ar cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht. Ba cheart pá comhionann as obair

*Leasú*

Ba cheart na bearnaí fostaíochta, **pá** agus **pinsin atá ann cheana** idir na hinscní **a dhúnadh**. Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna, **oideachas** agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar **an** rochtain ar cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht. Ba cheart **do na Ballstáit**

chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, **chomh maith leis an** trédhearcacht pá, a áirithiú. Ba cheart **comhréiteach** idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach **le haghaidh mná** agus fir araon a chur chun cinn, go háirithe trí rochtain a bheith ann ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus seirbhísí cúraim luathóige **atá inacmhainne** ar ardchaighdeán. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, go bhfuil rochtain acu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach, agus úsáid chothrom na dteidlíochtaí sin idir mná agus fir a chur chun cinn.

**an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara<sup>1a</sup> a chur chun feidhme go pras. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar tréimhsí saoire máithreachais agus tuismitheora a luacháil go leormhaith ó thaobh ranníocaíochtaí agus teidlíochtaí pinsin de, chun léiriú a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé na glúnta atá le teacht a thógáil i gceart, go háirithe i gcomhthéacs sochaí atá ag dul in aois. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann, nó as obair ar comhionann a luach, agus trédhearcacht pá, a áirithiú go héifeachtach i gcomhréir leis conarthaí, mar shampla trí innéacsanna náisiúnta cothromais pá a dhéanann comparáid idir fir agus mná a bhunú ina n-éagsúlacht uile. Ba cheart an chothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach do mhná agus fir araon a chur chun cinn, go háirithe trí rochtain uilíoch agus éifeachtach a bheith ann ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus seirbhísí cúraim luathóige ar ardchaighdeán agus trí fhreagrachtaí cúraim agus tí a bheith á roinnt go cothrom. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, go bhfuil rochtain acu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach, agus úsáid chothrom na dteidlíochtaí sin idir mná agus fir a chur chun cinn. *Thairis sin, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil rochtain ag oibríthe cúraim ar oiliúint ghairmiúil ar ardchaighdeán agus go dtugtar aitheantas dá gcuid cáilíochtaí agus ba cheart dóibh tacú le fostóirí in earnáil an chúraim foireann cháilithe a aimsiú agus a choinneáil, agus béim ar leith á leagan ar dhálaí cuibhiúla oibre. De réir a chéile,***

*ba cheart do na Ballstáit dul i dtreo saoire mháithreachais agus atharthachta atá ar íocaíocht iomlán agus ar comhfhad.*

1a

*Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.*

Leasú 28

**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil táirgiúil, agus as patrúin nua oibre agus as samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta ar dhálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí á hurramú. Ba cheart dóibh deighilt sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe agus an fhéinhostaíocht bhréagach a chomhrac, agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. **Leis** na rialacha maidir le cosaint fostaíochta, **le dlí** an tsaothair agus **leis na hinstiúidí, ba cheart timpeallacht oiriúnach le haghaidh earcaíochta a chur ar fáil chomh maith leis an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun iad féin a chur** in oiriúint **go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch, agus cearta saothair á gcosaint** ag an am céanna agus **cosaint shóisialta á háirithiú, mar aon le leibhéal iomchuí slándála agus timpeallachtaí oibre sláintiúla, sábháilte agus dea-oiriúnaithe do gach oibrí.** Trí **úsáid socruithe** solúbtha oibre a chur chun cinn, amhail teilea-obair, **d'fhéadfaí cur** le leibhéal fostaíochta níos airde agus le margaí saothair níos **cuimsithí** i gcomhthéacs na timpeallachta iarphaindéime. Ag an **tráth** céanna, tá sé

*Leasú*

Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil táirgiúil, agus as patrúin nua oibre agus as samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta ar dhálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí á hurramú **d'oibríthe agus fostóirí.** Ba cheart **don Choimisiún agus do na Ballstáit bearta nithiúla a dhéanamh chun an chómhargáil agus an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a neartú ina leith sin.** **Ba cheart** dóibh deighilt sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe agus an fhéinhostaíocht bhréagach a chomhrac, agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. **Ba cheart do** na rialacha maidir le cosaint fostaíochta, **do dhlí** an tsaothair agus d'**instiúidí cosaint na gcearta saothair, ardleibhéal cosanta sóisialta, fostaíocht shlán, earcaíocht ionchuimsitheach agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair a áirithiú mar aon le timpeallachtaí oibre atá curtha** in oiriúint **do gach oibrí.** Ag an am céanna, **ba cheart do na Ballstáit timpeallacht oiriúnach a áirithiú chun go mbeidh rath ar ghnóthais agus a áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht ag fostóirí dul in oiriúint d'athruithe.** Trí **shocruithe** solúbtha oibre

tábhachtach a áirithiú go ndéanfar cearta oibrithe i **dtéarmaí am** oibre, dálaí oibre agus cothromaíocht oibre is saoil a urramú. Ba cheart **cosc a chur** le caidrimh fostaíochta a **mbíonn** dálaí oibre forbhásacha **mar thoradh orthu**, lena n-áirítear i gcás na n-oibrithe ardáin, go háirithe **más oibrí** ar bheagán oiliúna **iad, agus** trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a chomhrac. Ba cheart rochtain ar réiteach éifeachtach neamhchlaonta ar dhíospóidí a áirithiú i gcásanna dífhostaithe éagóraigh, mar aon leis an gceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh iomchuí.

**arna gcomhaontú idir fostóirí agus oibrithe nó a gcuid ionadaithe a chur chun cinn, amhail an teilea-obair, is féidir rannchuidiú** le leibhéal fostaíochta níos airde agus le margáí saothair níos **ionchuimsithí** i gcomhthéacs na timpeallachta iarphaindéime, **go háirithe do thuismitheoirí aonair, do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta.** Ag an **am** céanna, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar cearta oibrithe i **dtaca le huaireanta** oibre, dálaí oibre, **lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht cheirde, mar aon le cosaint shóisialta agus** cothromaíocht oibre is saoil a urramú. Ba cheart **dul i ngleic ar bhonn práinne** le caidrimh fostaíochta **as a dtagann** dálaí oibre forbhásacha **agus iomaíocht éagórach**, lena n-áirítear i gcás na n-oibrithe ardáin, go háirithe **má tá siad** ar bheagán oiliúna, trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a chomhrac. Ba cheart **do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil dálaí oibre cuibhiúla, cearta sóisialta agus** rochtain ar **chosaint shóisialta leormhaith ag gach oibrí. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit Coinbhinsiún Uimh. 81 de chuid EIS maidir le Cigireacht Saothair a chur chun feidhme go hiomlán agus infheistíocht a dhéanamh i gcigireachtaí saothair éifeachtacha trí údaráis inniúla a chumhachtú agus a n-iarrachtaí a chomhordú chun mí-úsáid trasteorann a chomhrac faoi chuimsiú an Údaráis Eorpaigh Saothair. Ba cheart rochtain ar** réiteach éifeachtach neamhchlaonta ar dhíospóidí a áirithiú i gcásanna dífhostaithe éagóraigh, mar aon leis an gceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh iomchuí. **Ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as na gníomhaireachtaí Eorpacha agus as na seirbhísí poiblí fostaíochta ar fud an Aontais chun dea-chleachtais fianaise-bhunaithe a shaináithint, an tagairfhoghlaim a spreagadh agus tuilleadh comhordaithe ar bheartais fostaíochta a chur chun cinn.**



**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag beartais feabhas a chur ar rannpháirtíocht **sa mhargadh saothair, ar chomhoiriúnú ina leith** agus **ar** aistrithe sa mhargadh saothair, agus tacú leis **na tionscnaimh sin freisin**, lena n-áirítear **sna** réigiúin is **mó atá faoi mhíbhuntáiste**. Ba cheart do na Ballstáit **iad** siúd atá in ann páirt a ghlacadh **i margadh an tsaothair a ghníomhachtú agus a chumasú ar bhealach éifeachtach**, go háirithe grúpaí **leochaileacha** amhail daoine ar bheagán oiliúna, daoine a **mbaineann** cúlra imirceach **leo**, lena n-áirítear daoine faoi **stádas cosanta sealadach**, agus Romaigh atá imeallaithe. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme agus éifeacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú tríd an **spriocadh, an fhor-rochtain** agus an raon atá acu a mhéadú agus **tríd an méid** sin a nascadh níos fearr le seirbhísí sóisialta, le cúrsaí oiliúna agus le tacaíocht ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe, fad **is a mbíonn** siad ag lorg **oibre** agus é sin **a bheith** bunaithe ar a gcearta agus **a bhfreagrachtaí**. Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar chumas na seirbhísí poiblí fostaíochta **chun** cúnamh tráthúil saincheaptha a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist, **chun** freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus **chun** bainistiú feidhmíocht bhunaithe a chur chun feidhme, agus tacaíocht a **bheith tugtha freisin trí dhigitiú**.

*Leasú*

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag beartais feabhas a chur ar **an** rannpháirtíocht, **an comhoiriúnú** agus aistrithe sa mhargadh saothair agus tacú leis **an méid sin, go háirithe san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus i réigiúin agus ceantair atá faoi mhíbhuntáiste**, lena n-áirítear réigiúin **iargúlta agus tuaithe, oileáin agus na réigiúin** is **forimeallaí**. Ba cheart do na Ballstáit **é a chur ar a gcumas** siúd atá in ann páirt a ghlacadh **sa mhargadh saothair fosaíocht ardcháilíochta a fháil**, go háirithe grúpaí **atá faoi mhíbhuntáiste** amhail daoine **óga, daoine aosta, daoine** ar bheagán oiliúna, **oibríthe neamhfhoirmiúla**, daoine **atá faoi mhíchumas**, daoine a **bhfuil** cúlra imirceach **acu**, lena n-áirítear daoine **atá faoi chosaint shealadach** agus Romaigh atá imeallaithe. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme agus éifeacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú **trí dhíriú níos mó ar spriocgrúpaí**, tríd an **bhfor-rochtain** agus an raon atá acu a mhéadú agus **trí na beartais** sin a nascadh **ar bhealach** níos fearr le seirbhísí sóisialta, le cúrsaí oiliúna agus le tacaíocht ioncaim **atá cuibhiúil** le haghaidh daoine **atá** dífhostaithe, fad **a bhíonn** siad ag lorg **fostaíocht ardcháilíochta**, agus é sin bunaithe ar a gcearta agus **ar na freagrachtaí atá orthu**. Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar chumas na seirbhísí poiblí fostaíochta **i dtaobh** cúnamh tráthúil saincheaptha a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist, **i dtaobh** freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo **agus do mhianta na gcuardaitheoirí poist**, agus **i**

*dtaobh* bainistiú feidhmíocht bhunaithe a chur chun feidhme, agus tacaíocht *á* *tabhairt don mhéid sin freisin tríd an digitiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na seirbhísí agus an tacaíocht sin a thairiscint ar líne agus as líne araon chun go mbeidh siad inrochtana ag cách, lena n-áirítear ag daoine aosta agus ag daoine atá faoi mhíchumas, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.*

## Leasú 30

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse réasúnta a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus leis na rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. *Níor cheart go ndéanfadh sochair dhífhostaíochta filleadh pras ar an bhfostaíocht a dhídhreasú* agus ba cheart beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bheith ag gabháil leo.

## Leasú 31

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart *tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do shoghluaisteacht an lucht foghlama agus an lucht saothair d'fhonn* a gcuid scileanna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú agus *d'fhonn acmhainneacht iomlán mhargadh saothair na hEorpa a*

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse réasúnta a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus leis na rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. *Ní dídhreasacht a bheidh sna sochair sin i dtaca le filleadh go tapa ar an obair mar a leagtar amach i bPrionsabal Uimh. 13 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta* agus ba cheart beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bheith ag gabháil leo.

*Leasú*

Ba cheart *do na Ballstáit tacú le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais chun ganntanais réigiúnacha agus earnála sa mhargadh saothair a shárú agus chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán mhargadh*

*shaothrú; agus, an tráth céanna, dálaí cothroma a áirithiú freisin i leith daoine i mbun gníomhaíochta trasteorann chomh maith le dlús a chur le comhar riaracháin idir na húdaráis riaracháin náisiúnta maidir le hoibrithe taistil, agus tairbhe á baint as an Údarás Eorpach Saothair. Ba cheart tacú le soghluaisteacht oibrithe i ngairmeacha criticiúla agus oibrithe trasteorann, oibrithe séasúracha agus oibrithe ar postú i gcás ina bhfuil dúnadh sealadach teorann mar thoradh ar chúinsí sláinte poiblí.*

*saothair an Aontais, agus iad ag dul i ngleic le drochthionchar ‘imirce daoine oilte’ i réigiúin áirithe san am céanna. Ag an am céanna, ba cheart tacú le soghluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe chun a bhfios gnó, a gcuid scileanna agus a n-infhostaitheacht a mhéadú, go háirithe trí Erasmus+ a neartú tuilleadh. Ba cheart do na Ballstáit cearta agus dálaí cuibhiúla oibre agus fostaíochta na ndaoine ar fad atá i mbun gníomhaíochta trasteorann a áirithiú, mar aon leis an deis cearta agus teidlíochtaí slándála sóisialta a aistriú trí chomhar riaracháin níos fearr idir údaráis náisiúnta riaracháin maidir le hoibrithe taistil, agus tairbhe á baint as cúnamh ón Údarás Eorpach Saothair freisin. Ba cheart tacú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair i ngairmeacha criticiúla agus na n-oibrithe trasteorann, lena n-áirítear oibrithe teorann, oibrithe séasúracha agus oibrithe ar postú, agus ba cheart urraim a thabhairt dá gcearta freisin i gcás ina ndúntar teorainn go sealadach, mar shampla ó thaobh sláinte agus sábháilteachta, cónaí cánach agus comhordú slándála sóisialta de.*

Leasú 32

**Togra le haghaidh cinnidh  
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile i dtaca le slándáil shóisialta a chomhordú d’oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe féinhostaithe atá ag obair i mBallstát eile. Ba cheart nuachóiriú na gcóras slándála sóisialta cloí le prionsabail mhargadh saothair an Aontais, lena sonraítear gur cheart do chórais náisiúnta slándála sóisialta a bheith inbhuanaithe agus cuimsitheach agus lena n-áirithítear sa deireadh go bhfuil an lucht saothair táirgiúil. Chuige*

*sin, ba cheart do na Ballstáit, trína gcuid pleananna náisiúnta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, feabhas a chur ar dhigitiú na seirbhísí poiblí chun cáilíocht a gcuid oibre a fheabhsú, go háirithe tríd an gcóras chun faisnéis slándála sóisialta a mhalartú go leictreonach a chur chun feidhme go hiomlán. Ba cheart do na Ballstáit comhpháirtíochtaí trasteorann a mhéadú agus uirlisí Eorpacha ábhartha eile a chur chun cinn agus a úsáid ar bhealach níos fearr, amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus an líonra seirbhísí poiblí fostaíochta (líonra SPF), chun tacú le hoibrithe taistil, go háirithe trí fhaisnéis chuimsitheach a thabhairt dóibh faoi dheiseanna fostaíochta agus cosaint shóisialta.*

## Leasú 33

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh na **coinniollacha** iomchuí a chruthú le haghaidh cineálacha nua oibre, **a ngealltanais a chomhlíonadh maidir lena n-acmhainneacht** poist a chruthú, agus a áirithiú, ag an am céanna, go bhfuil na cearta sóisialta atá ann cheana á gcomhlíonadh acu. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, comhairle agus treoir a chur ar fáil **maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí is infheidhme i gcomhthéacs conarthaí neamhthipiciúla agus foirmeacha nua oibre, amhail obair trí ardáin dhigiteacha**. I ndáil leis an méid sin, is féidir le comhpháirtithe sóisialta ról ríthábhachtach a imirt agus ba cheart do na Ballstáit tacú leo teagmháil a dhéanamh le daoine **agus ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine a bhíonn i mbun obair neamhthipiciúil agus obair** ardáin. Ba

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh na **dálaí** iomchuí a chruthú le haghaidh cineálacha nua oibre **agus leas a bhaint as an deis a bhaineann leo ó thaobh** poist a chruthú agus **ba cheart dóibh** a áirithiú, ag an am céanna, go bhfuil **dlí an tsaothair agus** na cearta sóisialta atá ann cheana á gcomhlíonadh acu. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, **na cearta agus na hoibleagáidí a bhfuil feidhm acu maidir le conarthaí neamhthipiciúla agus cineálacha nua oibre, amhail an obair trí ardáin dhigiteacha, a áirithiú agus** comhairle agus treoir a chur ar fáil **i gcás inar gá. Ag an am céanna, ba cheart do na Ballstáit an t-aistriú chuig cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú i gcomhréir le Colún Eorpach na gCearta Sóisialta**. I ndáil leis an méid sin, is féidir le comhpháirtithe

cheart do na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil **freisin** don fhorfheidhmiú – **amhail** treoirlínte nó oiliúint thiomnaithe do chigireachtaí saothair – maidir leis na dúshláin a eascraíonn as **cineálacha nua eagrúcháin oibre**, amhail bainistiú algartamach, faireachas sonraí agus teilea-obair bhuan nó leathbhuan.

sóisialta ról ríthábhachtach a imirt agus ba cheart do na Ballstáit tacú leo teagmháil a dhéanamh le daoine a bhíonn i mbun obair neamhthipiciúil agus ardáin **agus ionadaíocht a dhéanamh orthu agus, ag an am céanna, ionadaíocht agus gníomhaíocht chomhchoiteann a éascú do dhaoine atá féinfhostaithe i ndáiríre**. Ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil don fhorfheidhmiú **freisin, lena n-áirítear trí acmhainní leormhaithe daonna agus airgeadais**, treoirlínte nó oiliúint thiomnaithe **a sholáthar** do chigireachtaí saothair maidir leis na dúshláin a eascraíonn as **na bealaí nua chun obair a eagrú**, amhail **an** bainistiú algartamach, faireachas sonraí agus **an** teilea-obair bhuan nó leathbhuan **mar aon le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha**.

## Leasú 34

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Agus forbairt á déanamh ar** na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, agus chun idirphlé sóisialta níos éifeachtaí agus torthaí socheacnamaíocha níos fearr a bhaint amach, lena n-áirítear le linn **géarrchéimeanna** amhail an **cogadh san Úcráin**, ba cheart do na Ballstáit **rannpháirtíocht thráthúil fhiúntach** na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i **ndearadh** agus **i gcur** chun feidhme **athchóirithe** agus **beartas** fostaíochta, sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, eacnamaíocha, **lena n-áirítear trí thacú le hacmhainneacht mhéadaithe na comhpháirtithe sóisialta**. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an **chómhargáil** a chothú. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i

*Leasú*

**Chun cur** na cleachtais náisiúnta atá ann cheana agus chun idirphlé sóisialta níos éifeachtaí agus **níos déine agus** torthaí socheacnamaíocha níos fearr a **chur chun cinn agus a** bhaint amach, lena n-áirítear le linn **géarchéimeanna** amhail **ionradh na Rúise ar an Úcráin, an t-ardú ar an gcostas maireachtála agus an géarú ar an athrú aeráide**, ba cheart do na Ballstáit **tacú le neartú** na gcomhpháirtithe sóisialta **ar gach leibhéal agus** a áirithiú **go mbeidh siad rannpháirteach ar bhealach tráthúil agus fiúntach** i **gceapadh** agus **cur** chun feidhme **na n-athchóirithe** agus **na mbeartas** fostaíochta, sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, eacnamaíocha. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus **cumhdach níos mó ar an gcómhargáil** a chothú **agus a chur chun cinn**. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh

gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú.

chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú.

## Leasú 35

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás inarb ábhartha, agus **ag tógáil ar** na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit an taithí atá ag eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta ar shaincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh.

*Leasú*

I gcás inarb ábhartha, agus **chun cur leis** na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit an **saineolas agus an taithí atá ag eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta ar shaincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a bhfuil bac orthu rochtain a fháil ar an margadh saothair agus ar fhostaíocht ardcháilíochta agus a bhíonn ag obair i gcomhar leo. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta agus fostaíochta neamhbhrabúis.**

## Leasú 36

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 7 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Tá áit oibre atá sláintiúil agus sábháilte ríthábhachtach. Ba cheart do na Ballstáit tacú le fostóirí agus a áirithiú go bhfuil na rialacháin sláinte agus sábháilteachta á gcomhlíonadh acu agus go dtugann siad faisnéis leormhaith d'oibríthe agus dá n-ionadaithe mar aon le measúnuithe riosca agus bearta coiscitheacha a**

*dhéanamh. Mar chuid de sin, ba cheart tionóiscí marfacha ag an obair agus cásanna den ailse cheirde a chosc go hiomlán trí theorainnluachanna ceangailteacha a leagan síos, i measc nithe eile, le haghaidh nochtadh do shubstaintí guaiseacha san áit oibre. I dtaca leis sin, ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar an tionchar atá ag rioscaí síceasóisialta ceirde agus galair cheirde mar aon le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide, amhail tonnta teasa, triomach nó loscadh sléibhe, ar shláinte agus sábháilteacht oibríthe, go háirithe in earnálacha na tógála, na talmhaíochta agus na seirbhíse poiblí. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar thionchar na ngéarchéimeanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ar an margadh saothair, i gcomhthéacs na géarchéime aeráide agus uathriaíl straitéiseach oscailte na hEorpa, trí thacú le hoibríthe atá dífhostaithe ar bhonn sealadach nó a dhéanann obair ghearr-ama mar go mbíonn ar fhostóirí stop a chur lena gcuid gníomhaíochtaí nó seirbhísí agus trí thacú le hoibríthe féinfhostaithe agus gnólachtaí beaga ionas gur féidir leo foireann a choinneáil agus leanúint ar aghaidh lena gcuid gníomhaíochtaí nó seirbhísí.*

Leasú 37

### **Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit margaí saothair **cuimsitheacha atá oscailte do chách**, a chur chun cinn, trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac agus **chun** comhionannas deiseanna a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair, agus an aird chuí á tabhairt ar na gnéithe

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit **cearta sóisialta agus** margaí saothair **ionchuimsitheacha atá inrochtana ag cách** a chur chun cinn trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú **agus steiréitíopaí** de gach cineál a chomhrac agus **an** comhionannas deiseanna a chur chun cinn **do chách**, go háirithe le haghaidh grúpaí **atá** faoi ghannionadaíocht **nó faoi**

réigiúnacha agus críochacha. Ba cheart dóibh cóir **chothrom** a áirithiú **i dtaca leis an bhfostaíocht, an chosaint** shóisialta, **an** cúram sláinte **agus an** cúram fadtéarmach, **an t-oideachas** agus rochtain ar earraí agus **ar sheirbhísí, beag** beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

**mhíbhuntáiste** sa mhargadh saothair, agus an aird chuí á tabhairt ar na gnéithe réigiúnacha agus críochacha. Ba cheart dóibh **pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, tacaíocht phearsantaithe do chuardaitheoirí poist agus cóir agus cearta comhionanna** a áirithiú **maidir le fostaíocht, cosaint** shóisialta, cúram sláinte, cúram **leanaí, cúram** fadtéarmach, **oideachas** agus rochtain ar **thithíocht,** earraí agus **seirbhísí, gan** beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, **cúlra sóisialta,** reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

## Leasú 38

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint shóisialta atá **leordhóthanach** éifeachtach, éifeachtúil inbhuanaithe a sholáthar do chách, ag gach céim den saol, an cuimsiú sóisialta agus **an tsoghluaisteacht** shóisialta aníos a chothú, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a **dhreasú,** tacú **le hinfheistíocht** shóisialta, an bhochtaineacht a **chomhrac** agus aghaidh a thabhairt ar an **neamh-chomhionannas,** lena n-áirítear **leis an gcaoi a ndeartar a gcáinchorais** agus **a gcórais sochair agus** trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar **dáileach** na mbeartas. Agus cur chuige **de chineálacha uilíocha á gcomhlánú le cineálacha roghnaíocha,** déanfar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. Ba cheart **é a bheith d’aidhm ag nuachóiriú na** gcóras cosanta sóisialta **freisin feabhas a chur ar a athléimneacht ó dhúshlán** ilghnéitheacha.

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta a nuachóiriú **agus infheistíocht a dhéanamh iontu** chun cosaint shóisialta atá **leormhaith,** éifeachtach, éifeachtúil **agus** inbhuanaithe a sholáthar do chách, ag gach céim den saol, an cuimsiú sóisialta agus **cóineasú agus soghluaisteacht** shóisialta aníos a chothú, **tacú le** rannpháirtíocht sa mhargadh saothair **agus leis an rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta agus an méid sin a spreagadh,** tacú **leis an infheistíocht** shóisialta, an bhochtaineacht a **dhíothú lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre,** agus aghaidh a thabhairt ar an **neamhionannas,** lena n-áirítear **trína gcórais chánach agus sochar a cheapadh de réir a chéile agus** trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar **dáileacháin** na mbeartas. Agus cur chuige **uilíoch á chomhlánú le cur chuige spriocdhírithé,** déanfar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. Ba cheart **do na Ballstáit athléimneacht agus inbhuanaitheacht a** gcóras cosanta



sóisialta *a fheabhsú i leith dúshláin*  
ilghnéitheacha.

Leasú

39

**Togra le haghaidh cinnidh**  
**Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht **leordhóthanach** ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí **cumasúcháin ar ardchaighdeán**, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Ba cheart **do** chórais cosanta sóisialta **sochair leordhóthanacha ioncaim íosta a áirithiú le haghaidh** gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu **féin** agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí **dhaoine** a spreagadh le bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí **bhíthin soláthar seirbhísí** sóisialta spriocdhírthe.

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht **leormhaith** ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí **ardcháilíochta**, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Ba cheart **a áirithiú mar chuid de** chórais cosanta sóisialta **gur ann do shochair leormhaithe i dtaobh ioncam íosta<sup>1a</sup> atá inrochtana ag** gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu **chun saol lándínite a chaitheamh** agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí **thacú le daoine agus iad** a spreagadh le bheith rannpháirteach **go gníomhach** sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí **sheirbhísí** sóisialta **cumasúcháin a sholáthar ar bhealach** spriocdhírthe **agus trí rochtain a thabhairt orthu. Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a inrochtana atá córais cosanta sóisialta trí chur chuige atá bunaithe ar chearta.**

---

<sup>1a</sup> *Togra ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leormhaith lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach, an 28 Meán Fómhair 2022*  
<https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=89&furtherNews=yes&newsId=10417>

Leasú

40

**Togra le haghaidh cinnidh**  
**Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 4**

**Seirbhísí inacmhainne inrochtana ar ardchaighdeán a bheith ar fáil, amhail oideachas agus seirbhísí cúram luathóige, cúram iarscoile, oideachas, oiliúint, tithíocht, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, is coinníoll riachtanach é sin chun comhionannas deiseanna a áirithiú.** Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar **an mbochtaineacht** agus **ar an eisiámh sóisialta a chomhrac, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre, i gcomhréir le príomhspríoc 2030 an Aontais maidir leis an mbochtaineacht a laghdú.** Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí go háirithe trí bhearta cuimsitheacha comhtháite, go háirithe tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán.

Agus aird á tabhairt ar an leibhéal bochtaineachta atá as cuimse ard i gcónaí, ar thionchar ghéarchéim COVID-19, ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar an méadú atá ag teacht ar an gcostas maireachtála, agus ar an ngéarú ar an athrú aeráide, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun an bhochtaineacht agus an t-eisiámh sóisialta a chomhrac trí straitéis chothrománach maidir le bochtaineacht lucht oibre, an bhochtaineacht fuinnimh agus iompair, an bhochtaineacht bia agus an easpa dídine. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar **leanaí, daoine aosta, tuismitheoirí aonair, go háirithe máithreacha aonair, mionlaigh eitneacha, imircigh** agus **daoine atá faoi mhíchumas.** Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí go háirithe trí bhearta cuimsitheacha **agus** comhtháite, go háirithe tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán **agus tríd an mbuiséad tiomnaithe a mhéadú go EUR 20 billiún ar a laghad, i gcomhréir le rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022 ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha atá ag cogadh na Rúise san Úcráin ar an Aontas Eorpach – cumas gníomhaíochta an Aontais a threisiú.** Ba cheart do na Ballstáit a gcuid pleananna náisiúnta gníomhaíochta chun bochtaineacht leanaí a chomhrac agus comhionannas deiseanna a chothú i dtaca leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a thíolacadh trí rochtain éifeachtach agus shaor in aisce ar chúram sláinte, ar oideachas agus gníomhaíochtaí scoilbhunaithe, ar oideachas luath-óige agus ar chúram leanaí a ráthú do leanaí atá i ngátar mar aon le rochtain éifeachtach ar thithíocht leormhaith agus ar chothú sláintiúil i gcomhréir leis an bpríomhspríoc atá ag AE do 2030 go ndéanfaí laghdú 15 mhilliún duine ar a laghad, cúig mhilliún leanbh ar a laghad

*ina measc, ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta. Ba cheart do na Ballstáit uile níos mó ná 5 % de na cistí a leithdháiltear orthu faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a chaitheamh ar chomhrac na bochtaineachta i measc leanaí agus dea-bhail leanaí a chur chun cinn.*

Leasú 41

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú **do dhaoine** atá i **ngátar nó atá i staid leochaileach**. Ba cheart dóibh aistriú chuig fuinneamh glan agus cothrom a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh mar chineál bochtaineachta atá ag éirí níos tábhachtaí i ngeall ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh, **rud a bhfuil nasc go páirteach aige leis an gcogadh san Úcráin**, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta spriocdhírthe **sealadacha tacaíochta** ioncaim. Ba cheart beartais **chuimsitheacha** maidir le hathchóiriú tithíochta a chur chun feidhme freisin. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart dul i ngleic leis **an easpa dídine go sonrach**. Ba cheart do na Ballstáit rochtain **thráthúil** ar chúram sláinte **inacmhainne** coisctheach **leigheasach** agus **ar chúram** fadtéarmach ar **ardchaighdeán a áirithiú, agus an inbhuanaitheacht a chosaint san fhadtéarma san am céanna**.

*Leasú*

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha **de chaighdeán maith**. **Maidir le daoine atá i ngátar, atá leochaileach nó atá faoi mhíbhuntáiste**, ba cheart do na Ballstáit rochtain ar thithíocht shóisialta **chuibhiúil** nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú **dóibh, dul i ngleic le fadhb na ndíshealbhuithe éigeantacha agus a n-iarmhairtí, infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht** atá **inrochtana ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus bearta a dhéanamh chun aistriú cothrom agus ionchuimsitheach a áirithiú i dtaca le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tithíochta atá ann cheana**. Ba cheart dóibh aistriú chuig fuinneamh glan agus cothrom a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh mar chineál bochtaineachta atá ag éirí níos tábhachtaí i ngeall ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta **sealadacha** spriocdhírthe **maidir le tacaíocht** ioncaim **agus infheistíochtaí struchtúracha**. Ba cheart beartais **ionchuimsitheacha** maidir le hathchóiriú tithíochta **chun tithíocht inrochtana, inacmhainne agus shláintiúil a áirithiú a chur chun feidhme freisin chun nach dtiocfaidh méadú díréireach ar chostas**

*maireachtála na dtionóntaí.* Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart ***deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030, i gcomhréir le rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2020 maidir le dul i ngleic leis na rátaí easpa dídine in AE, agus an cur chuige ‘Tús Áite don Tithíocht’ á ghlacadh mar bhonn. Léiríonn géarchéim COVID-19 an gá atá le níos mó infheistíocht phoiblí chun leibhéil leordhóthanacha foirne cúraim agus leighis atá dea-oilte agus rochtain ar chúram sláinte do chách a áirithiú, lena n-áirítear grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain éifeachtach agus chothrom ag daoine ar chúram sláinte poiblí atá inbhuanaithe, coisctheach agus íceach, go háirithe cúram meabhairshláinte agus cúram fadtéarmach ar ardcháilíocht.***

Leasú 42

### **Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcomhréir le gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach<sup>43</sup>, ba cheart do na Ballstáit leibhéal leordhóthanach cosanta a thairiscint do dhídeanaithe ón Úcráin, lena n-áirítear cearta cónaithe, rochtain ***agus lánpháirtiú*** ar an margadh saothair, rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar thithíocht, chomh maith le rochtain ar chórais slándála sóisialta, ar chúram leighis, ar leas sóisialta nó cúnaimh eile, agus ar chóir mhaireachtála. Ba cheart rochtain ar oideachas na hóige, ar chúram leanaí agus ar sheirbhísí riachtanacha a áirithiú do leanaí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. I gcás leanaí agus déagóirí neamhthionlactha, ba

*Leasú*

I gcomhréir le gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach<sup>43</sup>, ba cheart do na Ballstáit leibhéal leordhóthanach cosanta a thairiscint do dhídeanaithe ón Úcráin, lena n-áirítear ***Romaigh agus náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Úcráin agus atá ag teitheadh chun na hEorpa de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin. Ba cheart*** cearta cónaithe, rochtain ar an margadh saothair ***agus lánpháirtiú ann,*** rochtain ar oideachas, ar ***thacaíocht teanga,*** ar oiliúint agus ar thithíocht, chomh maith le rochtain ar chórais slándála sóisialta, ar chúram leighis ***agus síceasóisialta,*** ar leas sóisialta nó cúnaimh eile, agus ar chóir mhaireachtála ***a***

cheart do na Ballstáit an ceart chun caomhnóireacht dhlíthiúil a chur chun feidhme.

*sholáthar ina leith sin.* Ba cheart rochtain ar oideachas na hóige, ar chúram leanaí agus ar sheirbhísí riachtanacha *saor in aisce atá ar chaighdeán ard agus ar an mbonn céanna le leanaí eile sa Bhallstát óstach* a áirithiú do leanaí i gcomhréir leis an Rátháíocht Eorpach do Leanaí. I gcás leanaí agus déagóirí neamhthionlactha, ba cheart do na Ballstáit an ceart chun caomhnóireacht dhlíthiúil a chur chun feidhme. *Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an gcosaint a chuirtear ar fáil leis an Treoir um Chosaint Shealadach a leathnú chuig gach dídeanaí agus aghaidh a thabhairt ar ábhair inní na bhfostóirí maidir le daoine a earcú nach bhfuil ach stádas sealadach acu.*

---

<sup>43</sup> Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeán íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit a bhfuil na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint.

---

<sup>43</sup> Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeán íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit a bhfuil na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint.

## Leasú 43

### Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcomhthéacs an *mhéadaithe ar an bhfad saoil agus ar an athrú déimeagrafach*, ba cheart do na Ballstáit *leordhóthanacht* agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin *le haghaidh* oibrithe agus daoine féinhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do *mhná agus d'fhir* maidir le cearta pinsin a fháil agus a fhabhrú, *lena n-áirítear trí* scéimeanna forlíontacha chun ioncam *leordhóthanach i seanaois* a áirithiú. Ba

*Leasú*

I gcomhthéacs an *fhaid saoil atá ag méadú agus an athraithe dhéimeagrafaigh*, ba cheart do na Ballstáit *leormhaitheas* agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin *d'*oibrithe agus daoine féinhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do *dhaoine* maidir le cearta pinsin a fháil agus a fhabhrú *sna* scéimeanna *poiblí nó ceirde nó i meascán díobh móide scéimeanna* forlíontacha chun ioncam *cuibhiúil scoir atá os cionn*

cheart *tacaíocht* a thabhairt d'*athchóirithe pinsean le beartais a bhfuil sé d'aidhm acu an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú* agus *bearta a chuireann síneadh leis an saol oibre, amhail an aois scoir iarbhír a ardú, go háirithe trí rannpháirtíocht* daoine *scothaosta i margadh an tsaothair* a éascú, agus *ba cheart iad a cheapadh laistigh de straitéisí gníomhacha aosaithe*. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus le *páirtithe leasmhara* ábhartha eile, agus céimniú isteach iomchuí na n-athchóirithe a *cheadú*.

*thairseach na bochtaineachta* a áirithiú. Ba cheart *athchóirithe pinsin a bheith bunaithe ar aosú gníomhach trí na deiseanna is fearr is féidir a thabhairt d'oibríthe de gach aois a bheith ag obair faoi dhea-dhálaí táirgiúla agus sláintiúla go dtí an aois scoir reachtúil. Ag an am céanna, maidir le hoibríthe ar mian leo leanúint orthu ag obair tar éis dóibh an aois scoir a bhaint amach, ba cheart an deis sin a bheith acu. Ba cheart bearta sonracha a shaináithint i dtaca le déimeagrafaíocht an lucht saothair, sláinte agus sábháilteacht san áit oibre, oideachas agus oiliúint, bainistiú scileanna agus inniúlachtaí, eagrú na hoibre ar mhaithe le saol oibre atá folláin agus táirgiúil agus ba cheart cur chuige idirghlúine a ghlacadh ina leith sin. Ba cheart do na Ballstáit an fhostaíocht le haghaidh daoine óga agus an t-aistriú luathscoir araon a éascú, in éineacht leis an aistriú eolais agus taithí ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú le comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile agus ba cheart dóibh céimniú isteach iomchuí na n-athchóirithe a éascú mar aon le hathrú ar an dearcadh i leith daoine aosta agus a infhostaithe atá siad a chothú. Sa bhreis air sin, ba cheart do na Ballstáit pleananna maidir leis an aosú folláin a chur le chéile ina gcumhdófaí an rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim mar aon le straitéisí chun an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc.*

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0241 – C9-0199/2022 – 2022/0165(NLE)
<b>Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú</b>	14.6.2022
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 22.6.2022
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Alicia Homs Ginel 24.6.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	12.7.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	10.10.2022
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 35 –: 4 0: 2
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Loucas Foulas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Alicia Homs Ginel, Irena Joveva, Radan Kanev, Stelios Kypouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Max Orville, Dennis Radtke, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Monica Semedo, Eugen Tomac, Maria Walsh, Stefania Zambelli
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Rosa D’Amato, José Gusmão, Evelyn Regner, Terry Reintke
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riall 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Attila Ara-Kovács, Franc Bogovič, Mohammed Chahim, Predrag Fred Matic, Jörg Meuthen, Piernicola Pedicini, Marcos Ros Sempere, Sergei Stanishev
<b>Dáta don chur síos</b>	12.10.2022

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

35	+
NI	Daniela Rondinelli
PPE	Franc Bogovič, David Casa, Jarosław Duda, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Stelios Kypouropoulos, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Maria Walsh
RENEW	Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Irena Joveva, Max Orville, Monica Semedo
S&D	João Albuquerque, Marc Angel, Attila Ara-Kovács, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Mohammed Chahim, Estrella Durá Ferrandis, Alicia Homs Ginel, Predrag Fred Matić, Evelyn Regner, Marcos Ros Sempere, Sergei Stanishev
THE LEFT	José Gusmão
VERTS/ALE	Rosa D'Amato, Katrin Langensiepen, Piernicola Pedicini, Terry Reintke

4	-
ID	Elena Lizzi, Guido Reil, Stefania Zambelli
NI	Jörg Meuthen

2	0
PPE	Radan Kanev, Miriam Lexmann

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : i bhfabhar